An céad cló 1938
Atċló 1969

# Dioġluim Dána

Láiṁḃeartaċ Mac Cionnaiṫ, S.J.
do ċuir i n-eagar

Le ceannaċ díreaċ ón
Oifig Díolta Foilseaċán Rialtais
An Stuara, Ard-Oifig an Ṗoist
Baile Áṫa Cliaṫ
nó trí aon díoltóir leaḃar

Oifig an tSoláṫair
Baile Áṫa Cliaṫ

# 28

## Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ cct.

1 Fuaras mian, ón, fuaras mian,
rí saidḃir agus é fial,
file mi-se ag iarraid grás
mar dleaġtair gaċ dáṁ do riar.
2 Fuaras neart, ón, fuaras neart,
rí láidir agus é ceart,
rí éisdeas bille na mboċt,
rí naċ olc do-rinne a reaċt
3 Mo rí mór, ón, mo rí mór,
rí naċ cuireann suim i stór;
ag so an rí díolas gaċ neaċ
don uile doir ḃeag is mór.
4 Mo rí féin, ón, mo rí féin,
rí naċ diultann neaċ fan ngréin;
ós é as ḟearr díolfas mo dán
molfad tar cáċ mo rí féin.
5 Leigeam dóiḃ, ón, leigeam dóiḃ
táinte slóiġ an ḃeata ḃuain;
molaim feasda rí na ríoġ,
is é Críost as ḟearr fa duain.
6 Míċéal maor, ón, Míċéal maor,
nar leig mé as an raon riaṁ,
molfaid mi-se aingeal Dé
ós dó féin fuaras mo ṁian.

Fuaras

# 29

## Donnċaḋ Mór Ó Dálaiġ cct.

1 Garḃ éirġe iodan ḃráṫa
ní bu hanfad aontráṫa;
gaċ síon mar do róiġ reiṁe
do sgríoḃ go cóir Cirine.

2 Cirine is cáċ dá ṡaiġiḋ
fuair a ḃfios ag Eaḃraiġiḃ;
sgéala laoi an luain re leanṁain
fuair an saoi sna seinleaḃraiḃ.

3 Do ḟágaiḃ Cirine ag cáċ
cúig lá déag rias an nDianḃráṫ
pláġa troma do ṫoiġeaċt
tonna tráġa ag teaċtaireaċt.

4 A-tá ar an mbráṫ [sonn] sliġe
naċ fríoṫ go ḃfuair Cirine;
más ḟíor Cirine is ceart soin
tearc ar sliġei-ne ag seanċoiḋ.

5 Dá ḟiċid cubat ceart dó
fuair Cirine san céadló
go mbí an fairge ós gaċ eisgir,
is í a hairde innistir.

6 Tráiġfiḋ muir ar n-a ṁáraċ
go hiongantaċ ioldánaċ
go ró gaċ bánuisge a bun
san ló tánuisde ar dtráġaḋ.

7 An treas lá líonfaiḋ gaċ áṫ
ar dteaċt na maidne i moċṫráṫ
go mbí an fairge ’n-a hionaḋ
gan airde gan íslioġaḋ.

8 Búirfiḋ gaċ péisd sa ṁuir ṁóir
an ceaṫraṁaḋ lá lánċóir
naċ fidir neaċ an ní a-deir
aċt Rí na mbreaṫ, Rí an riċiḋ.

9 An cúigeaḋ laiṫe buḋ lán
d’uisge gaċ claḋ ’s gaċ caḃán;
báḋfaiḋ glasṁuir ruaḋ gaċ rinn
lasfaiḋ gaċ cuan mar ċoinnill.

10 An seiseaḋ lá buḋ lán d’fuil
gaċ ní ṫiocfas tré ṫalṁuin;
ní ḃia craoḃ ná cora claċ
gan ḃraon fola gá ḃfolaċ.

11 An seaċtṁaḋ lá—lór d’ainiṁ—
buḋ hé an lá-sain leagfaiḋir
na cloċa arda eagair;
anba an foṫa foirċeadail.

12 An t-oċtṁaḋ lá—lór do ḋoirr-
do-níd na cloċa coṁroinn
do-ní gan ċairde agus croid
trí cairrge dá gaċ ċarraig.

13 Troidfiḋ gaċ trian rer-oile
mar buḋ cloċa ciallaiḋe;
roiṫe agus buḋ teo ná te
gleo gaċ cloiċe re ċéile.

14 An naoṁaḋ lá cian ó ad-ċlos
géisfiḋ an talaṁ tonnġlas,
tiocfa fan mbioṫ torann tréan
crioṫ oram ris an uirsgéal.

15 An deaċṁaḋ lá léiġtear de
múirfiḋear cnuic na cruinne
gan ḟán fan gcruinne gan ċéim
gan uille aċt 'n-a ċlár coiṁréiḋ.

16 An t-aonṁaḋ lá déag a-droiġ
cáċ a huaṁaiḃ 's a hallaiḃ
's a mbéal re lár an lá-soin
le hár is le uaṫḃásaiḃ.

17 Tuitfid sin uile d'éag de
réaltanna is reanna niṁe
tuitim dá gaḃlaiḃ don ġréin
go talṁain gcnuicfinn gcoiṁréiḋ.

18 Ní urṁais neaċ ní do ráḋ
aċt beiṫ ar sraon 's ar seaċrán;
ge ḋeaċ ar aġaiḋ gaċ fir
ní laḃair neaċ re naoiḋin.

19 Sgarfar gaċ fear re ṁnaoi a-muiġ,
sgarfar gaċ mac re ṁáṫair.
noċa bia dias ar doṁan
bias ó Ḋia gan dealoġaḋ.

9a Truaġ ḃar dtoisg ar an dtalṁain,
a ċlann Áḋaiṁ éadtarḃaiġ;
a ṡluaġ déaraċ an doṁain,
truaġ an féaraċ fuaroḃair.

20 An treas lá déag—doirḃ an dáil—
marḃtar cáċ uile d'aontáiṁ ;
noċan ria duine dearmaid
naċ bia uile i n-aointreaḃlaid.

21 An ceaṫramaḋ lá déag a-droiġ
comard airde re n-uaġaiḃ;
ní ċeil féar taise naċ tig
i mbéal gaċ claise i gcuirid.

22 An cúigeaḋ lá déag don dáil
lasfaiḋ talaṁ mar ṫeannáil;
do ria an mráṫ ar n-a ṁáraċ
ó mbia cáċ go ciulánaċ.

23 Cuirfiḋ Dia a ḋeaġṀac dia luain
do ṁeasruġaḋ an ṁórṡluaiġ
luanċar Dé do ṁeas na marḃ;
buḋ é an treas uaṫṁar aṫġarḃ.

24 Do-ḃéara Críosd—cruaiḋ an airc—
dúin-ne an t-aċṁusán orrḋairc;
Rí na ndúl a-déara riom
a éara dún tre ḋoiċioll.

25 "Cuin do ḃí againn t'éara"
cantar uainn tre aiṫṁéala
"duit do-ḃéarmaois bú ar sealḃa
dá bḟéaġmaois tú, a Ṫiġearna."

26 "Mé an boċt do ḃí san doras
i n-íotain 's i n-ocaras
gan luaġ ar ṁír ná ar ḋiġ ḋaṁ
do ḃinn is siḃ go seasgar.

27 "Mé gaċ fear do ḃí go boċt,
mé an ḃansgál do ḃí tárnoċt,
mé gaċ aonḃoċt do ḃ'ḟior dáiḃ
do ḃíoḋ taoḃnoċt gan tógḃáil.

28 "A luċt rom ḟeiċ aṁlaiḋ sain
téiġiḋ i dteaġḋais nDiaḃail
is caiṫiḋ mar as cuḃaiḋ
an ċaiṫir do ċeannċuḃair."

29 Buḋ híomḋa ann soin gáir guil
ag luċt dealuiġṫe Diaḃail:
truaġ, is diaḃail ġá ndeaġail,
nuall an ḟiallaiġ imneaḋaiġ.

30 Mairg ċeannċas a ċur san mbeirn
i gcaṫraiġ uaṫṁair Ifeirn;
ní cuṁang luċt an lis-sin
a bḟulung d'olc d'innisin.

31 A ċur ón gcaṫair neaṁḋa
mairg tuaras, a Ṫiġearna;
mairg sgartair—nár sgartair sinn—
ris an gcaṫraiġ n-aird n-aoiḃinn.

32 A-déara Críosd congṁas smaċt
"tigiḋ do ḃríġ na mbeannaċt,
a ḋream-sa naċ deaċaiḋ uaim,
leam-sa san mbeataiḋ mbioṫḃuain.

33 "Gaċ aon do ḟágaiḃ a ḟleiḋ
im onóir" ar Rí an ríċiḋ
"do-ġéaḃa teaġ n-óil ḃus ḟearr
ar naċ róiġ fead nó foirċeann."

34 Oisgeolaiḋ dóiḃ na doirrse
aingil ġeala ġruaḋsoillse;
buḋ feiḋm aiṫne ar an ngréin ngil
tar néiṁ aiġṫe gaċ aingil.

35 Lánaṁna is óga is feaḋḃa
suiḋid suas fan Tiġearna
'n-a dtrí naoiṁṡreataiḃ ar niṁ
ar aoinḃeataiḋ le hainglib.

36 Máṫair Ċríosd 'n-a colainn féin
ar niṁ do ċáċ is coiṁléir;
do-ċiṫir i gclí duine
Rí an ríċiḋ 'n-a ríoġṡuiḋe.

37 [Soraiḋ] don luċt ḃéaras bás
ria n-a gciontaiḃ don ċéadfás;
saoġal don ulc ó naċ an
baoġal don luċt dá leagar. Garḃ.

38 Peadar Pápa na Róṁa
soiġid dronga díoṁóra
cáċ fa seaċ do ṡóiġ Peadar
mar teaċ [óir] gá oireagar.

Garḃ.